

Ionad na Gaeilge Labhartha
Bord na Gaeilge
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Tuarascáil Bhliantúil
2016 ~ 2017

Foireann Ionad na Gaeilge Labhartha.....	3
Ballraíocht Bhord na Gaeilge.....	Error! Bookmark not defined.
Réamhrá.....	5
Cion Ionad na Gaeilge Labhartha i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.....	7
Idirnáisiúnú	7
Foghlaim Mic Léinn a Chothú	8
An tEispéireas Mic Léinn a Fheabhsú	9
An Ilchineálacht a Chur Chun Cinn	9
Aghaidh a Thabhairt ar Riachtanais na Sochaí	10
Foghlaim ar Feadh an tSaoil.....	10
Teagasc agus Foghlaim	10
Nuálaíocht agus Teicneolaíocht	11
Cruthaitheacht agus Smaointeoireacht Neamhspleách.....	11
An tInfrastructúr a Fhorbairt	11
Giniúint Ioncaim	12
Gníomhaíochtaí Ionad na Gaeilge Labhartha.....	13
An Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach	13
GA1120: Introduction to Modern Irish	13
GA1121: Introduction to Modern Irish/Intermediate	13
MX1004: Introduction to Irish Language for Medical Students.....	14
MX1007: Advanced Irish for Medical Students	14
CS1130: Irish Language for Computer Science I	14
CS1131: Irish Language for Computer Science II	14
An Cúrsa Deonach Gaeilge.....	15
Clár na Ranganna Oíche Gaeilge	15
An Rang Oíche Gramadaí.....	15
Cúrsa sa Ghaeilge Labhartha d'Fhoireann na hOllscoile	15
An Cúrsa sa Ríomhaireacht d'Fhoireann na hOllscoile	15
Scoil Samhraidh USAC	16
Áras Uí Thuama: an tIonad Cónaí Gaeilge	16
Scéim na dTeaghlach.....	16
Scéim na Scol.....	16
Na Scoláireachta Gaeltachta.....	16
Scoláireacht Uí Ríordáin	17
Gradam na Gaeilge.....	17
An Seomra Caidrimh	17
An tAonad Aistriúcháin	18
Dún Chíomhain	18
An tAonad FCT (Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta)	18
Foireann Ionad na Gaeilge Labhartha.....	20
Caitríona Budhlaeir	20
Nuala de Búrca	Error! Bookmark not defined.
Ciarán Dawson.....	24
Ann Geary	26
Gobnait Ní Loingsigh	27
Claire Ní Mhuirthile.....	28
Marian Ní Shúillibhain.....	30
Cearbhall Ó Colmáin	32
Cormac Ó hAodha	34

Osradharc ar na daoine a theagmhaigh leis an Ionad sa bhliain 2016/17..... 37

Foireann Ionad na Gaeilge Labhartha

An tOll. Pádraig Ó Macháin: Stiúrthóir

An tUas. Caitríona Budhlaer: Bainisteoir Dhún Chíomháin

An tUas. Nuala de Búrca: Múinteoir/Cúntóir FBT

An tUas. Ciarán Dawson: Múinteoir/Comheagraí Sinsearach FBT

An tUas. Ann Ní Ghadhra: Cúntóir Feidhmitheach Sinsearach

An tUas. Gobnait Ní Loingsigh: Executive Administrator

An tUas. Claire Ní Mhuirthile: Múinteoir/Riarthóir

An tUas. Marian Ní Shúilliobháin: Múinteoir/Riarthóir

An tUas. Cearbhall Ó Colmáin: Múinteoir/Comheagraí FBT

An tUas. Cormac Ó hAodha: Aistritheoir/Múinteoir

An tUas. Seán Ó Laoi: Múinteoir/Riarthóir

Ballraíocht Bhord na Gaeilge

(a) Baill Ex-Officio:

An tUachtarán, An tOllamh Pádraig Ó Sé

An tUas. D. Ó hAodha (Cathaoirleach arna ainmniú ag an Uachtarán)

An Cláraitheoir, An tOllamh Caroline Fennell

An tOllamh le Nua-Ghaeilge, Pádraig Ó Macháin

An tOllamh le Sean- agus le Meán-Ghaeilge, John Carey

Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn

(b) Baill Tofa ag an gCoiste Rialaithe:

An tUas. Diarmuid Ó Mathúna

An Dr Marian Nic Cárthaigh

(c) Baill ainmnithe ag an gComhairle Acadúil agus Tofa ag an gCoiste Rialaithe:

An tOll. Emer Rogan

An tOll. Cathal O'Connell

(d) Baill ainmnithe ag na Ceithre Choláiste Acadúla:

An Dr Colm Ó Tuathaigh: Coláiste an Leighis agus na Sláinte

An Dr Seán Ó Conaill: Coláiste an Ghnó agus an Dlí

An Dr Caoimhín Ó Muirí: Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta

An Dr Pádraig Mac Cárthaigh: Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia

(e) Baill a Comhthoghadh:

An Dr Orla Ní Dhubhghaill

An Dr Stiofán Ó Cadhla

Rúnaí Bhord na Gaeilge: An tUas. Marian Ní Shúilliobháin

Réamhrá

Is ionad teagasc uile-ollscoile **Ionad na Gaeilge Labhartha** a fheidhmíonn faoi stiúir Oifig Chláraitheoir Choláiste na hOllscoile Corcaigh chun dualgais na hOllscoile i leith na Gaeilge a chomhlíonadh, bunaithe ar raon leathan reachtaíochta agus doiciméad polasaí ag leibhéal na hinstiúide, an réigiúin, an stáit, na hEorpa, agus an Domhain Mhóir.

- I measc a straitéisí, liostálann **Plean Straitéiseach UCC 2013 - 2017** faoi **Sprioc 3 - Barr Feabhais in Idirnáisiúnú, i gCaidreamh Seachtrach agus sa Chion don tSochaí: ... an Ghaeilge a chur chun cinn sa réigiún agus ar an gCampas.**
- Ordaítear bunú **Bhord na Gaeilge** faoi **Roinn 8 de Chaibidil E de Statúid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Corcaigh**, agus leagtar amach a dhualgais agus a bhallraíocht.

E.8.a Dualgais an Bhoird. Bunófar san Ollscoil Bord na Gaeilge ("An Bord"). Is iad dualgais an Bhoird moltaí a dhéanamh leis an gCoiste Rialaithe maidir leis na nithe seo a leanas:

 1. *cúrsaí a sholáthar a chuimseoidh teagasc trí mhéan na Gaeilge a dtiocfaidh dá gcionn céimeanna ollscoile nó gradaim eile de chuid na hOllscoile in ábhair nó i ndisciplíní ina soláthraítear a leithéid de theagasc trí mheán an Bhéarla cheana féin;*
 2. *cúrsaí a bhunú trí mheán na Gaeilge i réimsí nó i ndisciplíní nach soláthraítear cúrsaí iontu trí mheán an Bhéarla cheana féin;*
 3. *foireann leoroilte a sholáthar a bheidh cumasach na cúrsaí sin a rith agus a theagasc trí mheán na Gaeilge; agus*
 4. *gnáth-úsáid na Gaeilge a fheabhsú agus a chur chun cinn san Ollscoil.*
- I **gCuid III, Caibidil I d'Acht na nOllscoileanna, 1997** sonraítear i measc spriocanna ollscoile:

teangacha oifigiúla an Stáit a chur chun cinn, agus aird ar leith a thabhairt do chaomhnú, chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge...
- Deir **Comhaontú Aoine an Chéasta**, Aibreán 1998:

...aithníonn na rannpháirtithe uile tábhacht na hurraime, na tuisceana agus na caoinfhulaingthe i ndáil le héagsúlacht teanga, ar a n-áirítear i dTuaisceart Éireann, an Ghaeilge ...
- Leagann **An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh** (1992) amach ina phrionsabail agus spriocanna:

... soláthar na bhfoirmeacha agus na meán cuí chun teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a fhoghlaim agus a staidéar ag gach leibhéal cuí;

... soláthar áiseanna a chuirfidh ar a gcumas acu siúd nach labhraíonn teanga réigiúnach agus mionlaigh a úsáidtear san áit a bhfuil cónaí orthu an teanga sin a fhoghlaim más mian leo é.

- I gCuid III, Roinn 8 - Oideachas sonraítear sa Chairt go ngeallfaidh na Páirtithe (a bhfuil Stát na hÉireann ar cheann acu):
 - i. *oideachas ollscoile agus ardoideachas a sholáthar i dteangacha réigiúnda agus mionlaigh;*
 - ii. *áiseanna a sholáthar le haghaidh na teangacha seo a staidéar mar ábhair ollscoile agus ardoideachais; agus*
 - iii. *na teangacha sin a thairiscint mar ábhair oideachais leanúnaigh d'aosaigh.*

- Déanann Dearbhú Uilechoiteann Ceart Teangan EOECA (1996) i Roinn II - Oideachas na ráitis seo a leanas.
 - i. *Sna háiteanna a bhfuil an t-oideachas ar fáil, is éigean dó cumas féinléirithe teangan agus cultúir phobal teangan an limistéir a chothú.*
 - ii. *Sna háiteanna a bhfuil an t-oideachas ar fáil, is éigean dó cuidiú leis an teanga a labhraíonn pobal teangan an limistéir a chaomhnú agus a fhorbairt.*
 - iii. *Tá gach duine i dteideal oideachas a fháil i dteanga an limistéir ina bhfuil cónaí air/uirthi.*

Tacaíonn roinnt staidéar le ríthábhacht seo **Ionad na Gaeilge** d'Ollscoil nua-aimseartha amhail UCC; dar leis na staidéir seo gur mian le pobal na hÉireann go n-éireoidh leis an nGaeilge agus go bhfásfaidh sí i sochaí chomhaimseartha na hÉireann. Rinne an ceann is déanaí, **Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge** (2015) le Darmody agus Daly ar son Fhoras na Gaeilge, na pointí seo a leanas.

- *Faoi láthair, tá timpeall 60 teanga mhionlaigh san Eoraip, ach ní hionann stádas dóibh go léir. Tá todhchaí na dteangacha seo ag brath cuid mhór ar dhearcadh an phobail agus ar an úsáid a bhaineann baill den phobal astu.*
- *Thuairiscigh breis agus dhá thrían na bhfreagróirí i nDeisceart na hÉireann (67 faoin gcéad) agus beagnach leath na bhfreagróirí sna Sé Chontae (45 faoin gcéad) go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge.*
- *Tá an chreatlach bheartais a chosnaíonn an Ghaeilge in Éirinn nasctha le beartas níos leithne maidir le cearta an duine agus le beartas a ceapadh go sonrach chun an Ghaeilge a chur chun cinn.*

Cion Ionad na Gaeilge Labhartha i gColáiste na hOllscoile Corcaigh

Ó d'éirigh an stiúrthóir, Pól Ruiséal as an obair, tá an tIonad faoi stiúir an stiúrthóra eatramhaigh, an tOllamh Pádraig Ó Macháin, Roinn na Nua-Ghaeilge. Cuimsíonn foireann an Ionaid cúntóir feidhmeach sinsearach; cúntóir feidhmeach; triúr múinteoirí/riarthóirí; aistritheoir/múinteoir; múinteoir/cúntóir FBT; múinteoir/comheagraí FBT; múinteoir/comheagraí sinsearach FBT; bainisteoir Dhún Chíomháin; agus coimeádaí Dhún Chíomháin. Coinníonn an tIonad painéal múinteoirí páirtaimseartha chomh maith a fhostaítear do phoist éagsúla de réir mar is gá, go mórmhór do ranganna oíche an phobail.

Cé gur ar urlár na talún in Áras Uí Rathaille ar champas UCC atá príomhoifigí an Ionaid, tá roinnt aonad eile aige suite ar fud an champais agus i gCorca Dhuibhne chun a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge ar fáil go héasca ag mic léinn agus foireann na hOllscoile. Mar bharr air seo, is féidir leis an Ionad a chion féin a dhéanamh i gcomhlíonadh **Cothú Feabhais, Plean Straitéiseach UCC 2013 -2017** trí theagmháil go héasca le mic léinn agus foireann cheithre choláiste na hOllscoile de thairbhe é a bheith lonnaithe faoi stiúir **Oifig an Chláraitheora**. Tríd na scéimeanna agus na cúrsaí éagsúla, cinntíonn an fhoireann thiománta, phróifisiúnta go gcuireann Ionad na Gaeilge Labhartha le raon leathan d'eilimintí an phlean chomh maith le cothú agus múineadh na Gaeilge.

Idirnáisiúnú

Léiríonn tuairiscí ar dhearchtaí i leith na Gaeilge den saghas a rinne Darmody agus Daly, gurb ionann le muintir na hÉireann a dteanga féin agus comhartha suntasach aitheantais; is mór acu gurb í an Ghaeilge a thugann dóibh a sainiúlacht féin i saol ina bhfuil trí mhórtheanga chun cinn, agus a bhfuil gnáththeanga oibre na hÉireann, an Béarla, ar theanga acu. Tá ról lárnach againn in Ionad na Gaeilge Labhartha sa mhéid go gcinntimid go bhfuil an Ghaeilge i gcroílár fhís UCC mar ollscoil a nascann ár réigiún leis an domhan mór. Déanaimid seo ar bhealtaí éagsúla.

- Trínár gcúrsaí láir GA1120 agus GA1121 (Introduction to Modern Irish and Intermediate Modern Irish) theagasc muid Gaeilge do níos mó ná 5000 mac léinn idirnáisiúnta as gach ceann de na cúig mhór-roinn. Is minic, freisin, a dhéanann foireann nuacheapa na cúrsaí seo mar phríomhchuid dá n-imeascadh le sochaí na hÉireann.
- Trí MX1004 (Introduction to Modern Irish for Medical Students) theagasc muid Gaeilge do níos mó na 100 mac léinn leighis idirnáisiúnta.
- Is eilimint láir í an Ghaeilge anois i Scoil Samhraidh USAC in UCC.
- Tá coibhneas fada seasta againn tríd an gClár Erasmus le hOllscoil Ruhr Bochum sa Ghearmáin agus le hOllscoil A Coruña in Iar-Thuaisceart na Spáinne, mar a múnimid an Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge ar chlár mháistreachta agus dochtúireachta. Tá a leithéidí de chúrsaí déanta

againn sa Pholainn, san Fhrainc agus in Oileán Reunion san Aigéan Indiach fosta.

- Trínár rannpháirtíocht sa BA nua sna Teangacha Domhanda, cuirimid ar a súile do na mic léinn tábhacht láir na Gaeilge do léann agus d'fhorbairt na dteangacha sa chomhthéacs domhanda.
- Tá ár gcuid saineolais ar Theagasc agus Fhoghlaim na Gaeilge curtha i láthair againn ag comhdhálacha idirnáisiúnta ar fud na hEorpa.
- Tugaimid saotharlann ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann mar chuid de Chlár na Léachtóirí ar Cuairt a bhíonn ar siúl ag CIRTTL gach bliain agus tairgimid gearrchúrsa Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo cur lena gcuid eolais.
- Tá coibhneas leanúnach againn leis an Staidéar Áiseach agus leis an togra chun naisc a chruthú agus a chothú idir UCC agus an tSín trí thionscnaimh éagsúla ar nós fhoilsiú **Bunchúrsa ar Theanga agus Chultúr na Síne**, an chéad chúrsa Síneise trí mheán na Gaeilge; chuir Aire Oideachais na hÉireann an cúrsa seo i láthair in Ambasad na hÉireann i mBéising le déanaí.
- Cuireadh fáilte i nDún Chíomhain roimh fhoghlaimoirí as gach cearn den domhan, chomh fada óna chéile leis an tSín, an Afraic Theas, na Stáit Aontaithe agus an Astráil.
- Freagraíonn foireann na Gaeilge Labhartha ceisteanna i dtaobh na Gaeilge ó acadúlaithe as ollscoileanna eile sa domhan chomh fada ó bhaile le Tokyo agus Moscow.

Ní i réimse an idirnáisiúnaithe amháin, áfach, a imríonn Ionad na Gaeilge Labhartha ról tábhachtach i gcothú an fheabhais mar a leagtar amach é i bplean straitéiseach UCC go 2017. Agus é i mbun a phríomhfheidhme mar cheannaire ar chur chun cinn na Gaeilge ar an gcampas agus sa réigiún, cuireann an tIonad le straitéisí, tionscnaimh agus spriocanna láir **Cothú Feabhais** sna slite seo a leanas.

Foghlaim Mic Léinn a Chothú

I Bilingualism: Consequences for the Brain aontaíonn na húdair air "*go gcuireann eispéireas ar feadh an tsaoil ar dhá theanga a bhainistiú, go gcuireann sé atheagar ar líonraí áirithe inchinne, ag cruthú bunús níos éifeachtaí do smacht feidhmithe agus ag cothú feidhmíocht chognaíoch níos fearr ar fud an tsaoil.*"¹ Tar éis bheith ag foghlaim Gaeilge ó thosaigh siad scoil agus iad 4 nó 5 bliana d'aois, is féidir a rá go bhfuil caighdeán éigin dátheangachais ag gach mac léinn in UCC. Mar ábhar fíor, tacaíonn na staitisticí leis seo. I measc na mac léinn a thosaigh ar UCC le trí bliana anuas d'éirigh le 67% pas onórach a bhaint amach sa Ghaeilge san Ard-Teist. Bhain

¹ Bialystok, E; Craik, F; Luk, G; Trends in Cognitive Science, April 2102; 16 (4).

65% C nó níos airde amach, 48% B nó níos airde, agus bhain 18% A amach. Agus ní le Coláiste na nEalaíon, na nEolaíochtaí Sóisialta agus Staidéar Ceilteach (CEESSC) amháin a bhaineann na staitisticí seo.

- In CEESSC bhain 70% pas onórach amach: 65% le C nó níos mó agus 10% le A.
- In Eolaíocht, Innealtóireacht agus Eolaíocht Bhia (EIEB) bhain 64% pas onórach amach: 63% le C nó níos mó agus 16% le A.
- I nGnó agus Dlí (G&D) bhain 70% pas onórach amach: 69% le C nó níos mó agus 17% le A.
- I Leigheas agus Sláinte (L&S) bhain 75% pas onórach amach: 74% le C nó níos mó agus 34% le A.

Má chuirimid leis seo an ráiteas gurb ionann Gaeilge Onórach na hArd-Teiste agus B2 i gComhchreat Teangan na hEorpa a ndearbhaíonn inniúlacht an mhic léinn bunús na spriocanna a bhaint amach agus é/í féin a chur in iúl ar raon leathan ábhar, is léir go bhfuil leibhéal ard dátheangachais i measc mhic léinn UCC mar thoradh ar an teanga a bheith ar fáil dóibh óna gcéad bhlianta sa chóras oideachais anuas. Nuair a spreagaimid na mic léinn chun an dátheangachas bunaithe seo a chothú agus a fhorbairt ní amháin go mbíimid á gcumasú ina dteanga féin agus á spreagadh chun teangacha eile a fhoghlaim, ach cuirimid lena gcumas a gcuid scileanna ardoird smaointeoireachta a chur i bhfeidhm ar a gcuid staidéir agus feabhas a chur ar a gcuid foghlama.

An tEispéireas Mic Léinn a Fheabhsú

Is cuid lárnach d'eispéireas mhic léinn Choláiste na hOllscoile Corcaigh na gníomhaíochtaí agus cúrsaí a bhíonn ar siúl ag Ionad na Gaeilge Labhartha. I dteannta leis an tacaíocht a thugaimid don Chuallacht, don Chumann Ceoil agus don Chumann Drámaíochta, cuireann Áras Uí Thuama, Seachtain na Gaeilge, na Scoláireachtaí Gaeltachta, Dún Chíomhain agus na cúrsaí d'Éireannaigh agus d'Eachtrannaigh, cuireann siad an Ghaeilge i gcroílár shaol na mac léinn ar an gcampas agus lasmuigh de.

An Ilchineálacht a Chur Chun Cinn

Fágann an obair a dhéanann Ionad na Gaeilge Labhartha chun timpeallacht ilteangach a chruthú agus ár dteanga a chur ar fáil do phobal iomlán na hOllscoile go bhfuil an Ghaeilge féin ar na príomhchúiseanna ilchineálachta ar champas UCC.

- De thairbhe na mbunranganna agus na meánranganna Gaeilge do mhic léinn ar cuairt, ní bhraitheann aon duine go bhfuil failí nó neamart á dhéanamh air/uirthi ar an gcampas ilteangach.
- Cuireann ár rannpháirtíocht i UCC+ an Ghaeilge i gcroílár an fheachtais chun cothromaíocht rochtana ar ardoideachas a chinntiú.
- Is dlúthchuid de thairbhe ilchultúrtha UCC **Bhuel**, an nuachtlir Ghaeilge.

- Léiríonn ár ndíograis ar Dhún Chíomháin a dhéanamh inrochtana don uile dhuine gur ríthábhachtach linn **Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim**.

Cinntíonn imeachtaí ar nós thaispeántas bliantúil na Féile Bríde gur dlúthchuid é Ionad na Gaeilge Labhartha den fheachtas chun pobal an champais a dhéanamh iolraíoch agus ilchultúrtha, ach Gaelach chomh maith.

Aghaidh a Thabhairt ar Riachtanais na Sochaí

Le fada an lá, aithnítear tábhacht teangacha i bhforbairt an chomhtháthaithe shóisialta. I dteannta leis an rannpháirtíocht ard i ngíomhaíochtaí agus i gcumainn Gaeilge ar nós Chonradh na Gaeilge agus Ghael-Taca, léiríonn an iliomad Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí atá sa réigiún uailmhian phobal na Mumhan go mbeidh an Ghaeilge chun cinn i saol na gcathracha, na mbailte agus na gcomhphobal tuaithe ina gcónaíonn siad. Cinntíonn Ionad na Gaeilge Labhartha ceannródaíocht UCC sna feachtais chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sochaí ríthábhachtach seo trí rannpháirtíocht agus bhallaíocht a bheith againn sna cumainn seo agus trína dheimhniú go n-aistrítear ár gcuid eolais chucu agus go gcuirtear ár gcuid acmhainní ar fáil acu.

Sa Ghaeltacht is meall é Dún Chíomháin do na gníomhaíochtaí éagsúla áitiúla; tugann an bainisteoir ceannaireacht sa phobal agus í ina hionadaí ar an Ollscoil ar mhórán coistí agus grúpaí pobail.

Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Cuid láir den Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil is ea Ranganna Oíche Gaeilge Ionad na Gaeilge Labhartha. Agus roinnt céadta foghlaimeoirí ag freastal orthu gach geimhreadh, spreag na ranganna seo mórán daoine chun pilleadh ar an oideachas foirmeáilte. Úsáideann eagraíochtaí agus daoine aonair an Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach chun barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna teanga le riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) a chomhlíonadh. I nDún Chíomháin, comhoibríonn an tIonad le Comhairle Chontae Chiarraí chun siollabais agus cúrsaí a fhorbairt agus a sholáthar d'aoisigh ar gá dóibh a gcuid Gaeilge a fheabhsú chun cónaí agus obair sa Ghaeltacht.

Teagasc agus Foghlaim

Tá Ionad na Gaeilge Labhartha ina chrann taca ag Teagasc agus Foghlaim i UCC ó tosaíodh air i dtús na Mílaoise. Bhí an tIonad gníomhach in Ionad Bairre agus i CIRTL, agus bhí ionadaí ag an Ionad ar an gcoiste a dhear an Teastas, an Diplóma agus an Mháistreacht i dTeagasc agus Foghlaim san Ardoideachas. Tá ball foirne den Ionad ina Ánra CIRTL, agus cinntíonn sé sin go leanfaidh ról an Ionaid i gcur chun cinn Scoláireacht an Teagaisc agus na Foghlama in UCC trí chabhrú sa Teastas agus sa Diplóma san Ardoideachas agus trí mhic léinn Máistreachta a stiúradh.

Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

Ó bhí sé ina cheannródaí i bhforbairt Blackboard, na Saotharlainne Ríomhaireachta Soghluaiste, agus an Líonra Gan Sreang i UCC, lean Aonad FCT an Ionaid leis an ról lárnach i gcur chun cinn na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta san Ollscoil agus sa réigiún. Tá an Cur Chuige Cumasctha sa teagasc agus san fhoghlaim á chur i bhfeidhm ar chúrsaí an Ionaid de réir a chéile, agus bíonn an obair cheannródaíoch seo ar úsáid Doc Google, ar Léachtghabháil, agus ar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama mar ábhar i bpáipéir acadúla a chuirtear i láthair agus a fhoilsítear ag comhdhálacha éagsúla san Eoraip. Le déanaí tá féidearthachtaí an tSeomra Ranga Iompaithe chun eispéireas an mhic léinn a fheabhsú á bhfiosrú i roinnt cúrsaí. Ní sa teicneolaíocht amháin, áfach, a bhíonn an tIonad chun cinn i gcúrsaí nuálaíochta. Eiseamláir amháin de na slite nuálacha a spreagann agus a stiúran an tIonad an fhoghlaim is ea Áras Uí Thuama, an bloc árasán ina bhfoghlaimíonn na mic léinn a dteanga féin trí bheith ina gcónaí trí mheán na Gaeilge i gcoílár an champais. Sna Scoláireachtaí Gaeltachta agus na deiridh seachtaine i nDún Chíomhain, tá Béal Bán, An Blascaod Mór agus mullach Chnoc Bhréanainn anois mar dhlúthchuid de spás foghlama mhic léinn UCC.

Cruthaitheacht agus Smaointeoireacht Neamhspleách

Spreagann scéimeanna ar nós Ghradam na Gaeilge na mic léinn chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chur chun cinn ar an gcampas ar bhealtaí nuálacha agus cruthaitheacha. Le blianta fada, tá Sraith na Léachtaí Poiblí ina fhóram le haghaidh tubsmaointeoireachta agus macnaimh nua ar réimse leathan ábhar a bhaineann leis an nGaeilge sa saol comhaimseartha. Is iomaí seoladh leabhair agus bailiúchán ealaíne a chuir filí, údair agus ealaíontóirí nua i láthair sa Seomra Caidrimh san iliomad teangacha. Ar na mallaibh, thosaigh an tIonad ar chur lena chuid modúl creidiúnaithe trasna na ndisciplíní chun an Ghaeilge a chomhtháthú le hábhair staidéir na mac léinn agus torthaí foghlama a bhaint amach ag an leibhéal is airde de thacsanomaíocht Bloom.

An tInfrastructúr a Fhorbairt

Chomh maith leis na hoifigí agus na spásanna foghlama a riarann an tIonad ar phríomhchampas na hOllscoile mar a bhfuil áis nua-aimseartha, oiriúnach-don-fheidhm forbartha aige ina phríomhsheomra teagaisc, tá sé freagrach as cothabháil agus forbairt Dhún Chíomhain. Le blianta beaga anuas, tá an campas Gaeltachta seo forbartha faoi riar dea-chleachtais sa Teagasc agus Foghlaim, in úsáid éifeachtach na teicneolaíochta, i gcaomhnú an chomhshaoil agus i nDearadh Uilíoch na Foghlama. Mar fhreagra ar ghlaoch ó Oifig an Leasuachtaráin um Theagasc agus Foghlaim i nDeireadh Fómhair 2016, d'éirigh leis an Ionad maoiniú substaintiúil a bhaint amach chun Halla Dhún Chíomhain a fhorbairt mar spás foghlama den chéad ghlúin eile.

Giniúint Ioncaim

D'éirigh le hIonad na Gaeilge Labhartha foinsí nua ioncaim a aimsiú agus a ghníomhaíochtaí a chlaochlú chun feidhm níos éifeachtúla a bhaint as a chuid acmhainní. Is iad na forbairtí is déanaí ná an ról a imrímid i Scoil Samhraidh USAC agus an t-aistriú i dtreo modúl creidiúnaithe idirdhisciplíneacha a chruthóidh sruth nua ioncaim FTE.

Gníomhaíochtaí Ionad na Gaeilge Labhartha

Is ar Ionad na Gaeilge Labhartha go príomha a thiteann an dualgas sprioc straitéiseach UCC i dtaobh na Gaeilge a chomhlíonadh ar an gcampas agus sa réigiún. Déanann sé seo trí réimse leathan cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe a thairiscint, agus trí shraith scéimeanna a riaradh.

An Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach

Dioplóma páirtaimseartha dhá bhliain is ea an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach atá dírithe orthu siúd ar mhaith leo a bhféidearthachtaí fostaíochta a fheabhsú trína gcumasú féin chun obair trí mheán na Gaeilge. Tá sé mhodúl sa chúrsa cumasctha seo a ndéantar dhá cheann acu ar líne ar fad. Ní mór do mhic léinn an Dioplóma ceithre thréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht mar a mbuaileann siad le daoine gairmiúla éagsúla atá ag obair trí mheán na Gaeilge. De dheasca éirí as an obair do chomheagraí an chúrsa níor tairgeadh an Dioplóma sa bhliain 2014/15, ach cuirfear tús leis in athuair i bhfómhar 2018 faoi stiúir comheagraí cúrsa nua.

GA1120: Introduction to Modern Irish

Cúrsa cúig chreidiúint, 10 seachtaine is ea GA1120 a thairgtear dhá uair in aghaidh na bliana acadúla. Bíonn trí huair an chloig de ranganna ag na mic léinn gach seachtain agus treisítear ábhar na ranganna le raon leathan ábhar foghlama ar líne, comhaid fhuaimne agus ceachtanna idirghníomhacha san áireamh. Measúnaítear na mic léinn le trialacha ranga, scrúdú scríofa deireadh téarma agus scrúdú béil. Cé gurb iad na mic léinn fochéime idirnáisiúnta spriocghrúpa príomha an chúrsa seo, is minic a dhéanann mic leinn iarchéime idirnáisiúnta agus foireann nua é mar chuid dá gcuid iarrachtaí amescadh isteach i sochaí na hÉireann.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **207** mac léinn GA1120.

GA1121: Introduction to Modern Irish/Intermediate

Cúrsa deich gcreidiúint, 10 seachtaine is ea GA1121 a thairgtear sa dara seimeastar. Bíonn ceithre huair an chloig de ranganna ag na mic léinn gach seachtain, agus baineann ceann amháin acu sin le saol agus cultúr na Gaeilge. Tá deireadh seachtaine i nDún Chíomhain mar chuid den chúrsa, chun go bhfaighidh na mic léinn taithí ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Measúnaítear na mic léinn le trialacha ranga, scrúdú scríofa deireadh téarma agus scrúdú béil. Cé gurb iad na mic léinn fochéime idirnáisiúnta spriocghrúpa príomha an chúrsa seo, is minic a dhéanann mic leinn iarchéime idirnáisiúnta agus foireann nua é mar chuid dá gcuid iarrachtaí amescadh isteach i sochaí na hÉireann.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **21** mac léinn GA1121.

MX1004: Introduction to Irish Language for Medical Students

Modúl roghnaitheach cúig chreidiúint is ea MX1004 a thairgtear sa chéad seimeastar do mhic léinn idirnáisiúnta dara bliain leighis. Tá deireadh seachtaine i nDún Chíomhain mar chuid den chúrsa seo, chun go bhfaighidh na mic léinn taithí ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Bíonn dhá uair an chloig de ranganna ag na mic léinn sa tseachtain agus measúnaítear iad le hobair chúrsa agus scrúdú béil. Cé gur mic léinn idirnáisiúnta dara bliain leighis an spriocghrúpa príomha, is féidir le mic léinn leighis iarchéime é a dhéanamh mar chuid dá gcuid iarrachtaí chun amescadh isteach i sochaí na hÉireann. Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **17 mac léinn** MX1004.

MX1007: Advanced Irish for Medical Students

Modúl roghnaitheach cúig chreidiúint is ea MX1007 a thairgtear sa dara seimeastar do mhic léinn chéad bhliain **Leighis** agus do mhic léinn **na Sláinte Poiblí** a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu cheana féin. Bíonn dhá uair an chloig de ranganna ag na mic leinn in aghaidh na seachtaine agus measúnaítear iad le scrúdú béil agus le triail ranga. Bíonn deireadh seachtaine i nDún Chíomhain mar chuid den chúrsa, mar a mbuaileann na mic léinn le daoine gairmiúla leighis agus sláinte poiblí atá ag obair sa Ghaeltacht. Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **13 mhac léinn** MX1007.

MX2009: Advanced Irish for Medical Students

Modúl roghnaitheach nua is ea é seo a thairfear de chéad uair do mhic léinn leighis an dara bliain i bhfómhar 2018.

CS1130: Irish Language for Computer Science I

Modúl roghnaitheach cúig chreidiúint is ea CS1130 a thairgtear sa chéad seimeastar do mhic léinn chéad bhliain ríomheolaíochta a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu cheana féin. Bíonn dhá uair an chloig de ranganna ag na mic leinn in aghaidh na seachtaine agus measúnaítear iad le scrúdú béil agus le triail ranga. Bíonn deireadh seachtaine i nDún Chíomhain mar chuid den chúrsa, mar a mbuaileann na mic léinn le daoine gairmiúla ríomheolaíochta atá ag obair sa Ghaeltacht. Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **3 mac léinn** CS1130.

CS1131: Irish Language for Computer Science II

Modúl roghnaitheach cúig chreidiúint is ea CS1131 a thairgtear sa dara seimeastar do mhic léinn chéad bhliain ríomheolaíochta a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu cheana féin. Bíonn dhá uair an chloig de ranganna ag na mic leinn in aghaidh na seachtaine agus measúnaítear iad le scrúdú béil agus le triail ranga. Bíonn deireadh seachtaine i nDún Chíomhain mar chuid den chúrsa, mar a mbuaileann na mic léinn le daoine gairmiúla leighis atá ag obair sa Ghaeltacht.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **3 mac léinn** CS1131.

An Cúrsa Deonach Gaeilge

Cúrsa neamhchreidiúnaithe, neamh-mheasúnaithe sa Ghaeilge labhartha is ea an Cúrsa Deonach Gaeilge a thairgtear do mhic léinn as ceithre choláiste UCC. Is é sprioc an chúrsa feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn agus cur lena n-infhostaitheacht trí bheith ag plé leo i dtimpeallacht dhátheangach agus, chomh fada agus is féidir, an Ghaeilge a fhoghlaimíonn siad a chomhtháthú lena ndisciplín acadúil.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **113 mac léinn** an Cúrsa Deonach Gaeilge.

Clár na Ranganna Oíche Gaeilge

Mar dhlúthchuid d'iarrachtaí UCC ar fhreastal ar riachtanais na sochaí agus mar chuid phríomha de straitéis UCC "an Ghaeilge a chur chun cinn sa réigiún, comhlíonann Clár na Ranganna Oíche Gaeilge uailmhian phobal na hÉireann a gcumas Gaeilge a fheabhsú mar a thuairiscítear i Darmody agus Daly (2015). Tairgtear na ranganna oíche dhá uair an chloig seo sa Ghaeilge labhartha ó Luan go Déardaoin sa dá sheimeastar; tugtar deis do na foghlaimeoirí deireadh seachtaine a chaitheamh sa Ghaeltacht ina dhiaidh.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **126 foghlaimeoir aosach** Clár na Ranganna Oíche Gaeilge.

An Rang Oíche Gramadaí

Tá an Rang Oíche Gramadaí dírithe orthu siúd atá ag iarraidh cur lena n-infhostaitheacht trí fheabhas sa Ghaeilge a chur i bhfeidhm ar a saol gairmiúil. Tarraingíonn an clár seo foghlaimeoirí aosacha de gach aois agus slí bheatha as áiteanna ar fud an réigiúin. Chuaigh mórán de na foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil seo ar aghaigh chun cumainn léitheoireachta, ciorcail comhra agus clubanna siúil a bhunú trí mheán na Gaeilge ina gcomhphobail féin.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **triúr foghlaimeoirí** an Rang Oíche Gramadaí.

Cúrsa sa Ghaeilge Labhartha d'Fhoireann na hOllscoile

Agus é mar sprioc aige riachtanais Acht na dTeangacha (2003) a chomhlíonadh don Ollscoil, is cúrsa seachtainiúil dhá uair an chloig an Cúrsa sa Ghaeilge Labhartha d'Fhoireann na hOllscoile a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar chumas fhoireann UCC a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, go mórmhór nuair a bhíonn siad ag plé leis an bpobal agus na mic léinn.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **15 fhoghlaimeoir** an Cúrsa sa Ghaeilge Labhartha d'Fhoireann na hOllscoile.

An Cúrsa sa Ríomhaireacht d'Fhoireann na hOllscoile

Tá sé mar sprioc ag an gcúrsa scile seo atá ar siúl le fada, sainriachtanais an úsáideora mionteanga sa nuatheicneolaíocht a aibhsiú agus a fhreagairt. Agus é i gcónaí ag plé leis na forbairtí is déanaí, d'athraigh sé a bhéim thar na blianta ó

bhunphróiseáil focal, trí eagarthóirtheacht dhigiteach, go húsáid na nguthán cliste.

Sa bhliain acadúil 2016/17 rinne **3 mac léinn** an Cúrsa sa Ríomhaireacht d'Fhoireann na hOllscoile.

Scoil Samhraidh USAC

Cúrsa cúig seachtaine is ea Scoil Samhraidh USAC a bhfuil sé mar sprioc aige eolas agus taithí leathan a thabhairt do na mic léinn as SAM ar shaol na hÉireann, an Ghaeilge san áireamh.

Sa bhliain acadúil 2016/17 ghlac **11 mhac léinn** páirt i Scoil Samhraidh USAC.

Áras Uí Thuama: an tIonad Cónaí Gaeilge

Ó bunaíodh mar Bhrú na Laoi sa bhliain 1993 é tá an scéim cónaí seo mar bhunchloch sna hiarrachtaí a dhéanann UCC an ilchineálacht a chur chun cinn ar an gcampas. Is cuid láir de ghréasán Gaeilge na hOllscoile é agus bíonn na háitritheoirí gníomhach i saol na Gaeilge ar an gcampas agus sa Ghaeltacht. Is í an Ghaeilge gnáth-theanga Áras Uí Thuama agus tugann Bord na Gaeilge scoláireachtaí €500 ag deireadh na bliana acadúla do gach áitritheoir a ghlacann páirt i ngníomhartha na scéime.

Sa bhliain acadúil 2016/17 d'fhan **21 mhac léinn** in Áras Uí Thuama.

Scéim na dTeaghlach

Mar chuid de sprioc straitéiseach UCC an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na foirne, bíonn Dún Chíomháin ar fáil ag foireann UCC agus a dteaghlaigh ar chostas réasúnta chun go mbeidh deis éasca acu am a chaitheamh sa Ghaeltacht. Bíonn cúntóir teanga ar fáil i rith an ama le cuidiú leis na teaghlaigh a gcuid Gaeilge a úsáid agus chun eolas áitiúil a thabhairt dóibh.

Sa bhliain acadúil 2016/17, bhain **40** ball foirne agus a dteaghlaigh tairbhe as an deis seo.

Scéim na Scol

Agus í ina droichead idir UCC agus gaeloideachas dara leibhéal sa réigiún, is ann do Scéim na Scol chun dlús a chur faoi thacaíocht na hOllscoile do na gaelcholáistí trí shaol acadúil, sóisialta agus Gaelach UCC a mhíniú do dhaltáí na ranganna sinsearacha. Is gnách go mbíonn ball foirne amháin agus beirt mhac léinn ar na meithleacha éagsúla a thugann cuairt bhliantúil ar gach gaelcholáiste i gCúige Mumhan.

Sa bhliain acadúil 2016/17 thug **tríocha** ball foirne agus mac léinn cuairt ar **dheich** scoil.

Na Scoláireachta Gaeltachta

Mar dhlúthchuid de straitéis na hOllscoile an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas agus sa réigiún, tugann Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta deis do gach mac léinn a c(h)uid Gaeilge a fheabhsú trí chónaí a dhéanamh le teaghlach

Gaeltachta ar feadh seachtaine. Eagraítear raon leathan gníomhaíochtaí do na mic léinn a bhíonn páirteach; seisiúin foghlama, turais, siúlóidí, seisiúin ceoil, céilithe, ranganna damhsa, agus léachtaí ar stair áitiúil, sheandálaíocht, agus litríocht.

Sa bhliain acadúil 2016/17 ghlac **48 mac léinn** le scoláireacht Ghaeltachta.

Scoláireacht Uí Ríordáin

Is in Oifig Uachtarán UCC a bhronntar an scoláireacht seo ar dhalta de chuid bhliain a cúig i nGaelscoil Uí Ríordáin a mholann príomhoide agus múinteoirí na bliana. Deontas chun trí seachtaine a chaitheamh ar chúrsa samhraidh Gaeltachta atá sa scoláireacht.

Gradam na Gaeilge

Is ábhar bróid d'UCC go n-éiríonn leis smaointeoireacht chruthaitheach neamhspleách a chur chun cinn i measc na mac léinn. Dá bharr seo, chinn Coiste Gnó Bhord na Gaeilge i 2002 duais a bhronnadh ar an mac léinn is mó a measadh a chuir an Ghaeilge chun cinn in aon bhliain amháin. Ba é Banc na hÉireann a thugadh an €1000 ar tús ach is é an Dr Diarmaid Ó Mathúna a thugann anois.

Is iad critéir an ghradaim:

- gníomhartha a bhfuil baint ag na hiarrthóirí leo, go mórmhór gníomhartha a eagraíonn siad féin, mar shampla gníomhartha ceoil, damhsa nó drámaíochta;
- Spraoi Cois Laoi;
- gníomhaíochtaí Lá le Pádraig;
- Idir Súgradh agus Dáiríre;
- díospóireachtaí Gaeilge;
- Raidió Campais;
- scríbhneoireacht Ghaeilge;
- gníomhaíochtaí Áras Uí Thuama;
- tograí nó dualgais ar leith a ardaíonn próifíl na Gaeilge san Ollscoil agus sna meáin.

Sa bhliain acadúil 2016/17 ba iad Aisling Ní Dhonnabháin, agus Brigita Ní Ghallchóir a bhuaigh an gradam.

An Seomra Caidrimh

Agus é ina dhlúthchuid de thaipéis ilchineálachta UCC, is lárionad gníomhartha é Seomra Caidrimh Gaeilge na hOllscoile ina gcloistear gach teanga a mhúintear agus a labhraítear ar an gcampas ilteangach. Baineann gach roinn teanga feidhm as an seomra ilúsáide seo le haghaidh seisiún ceoil, cruinnithe, seoltaí leabhar, damhsa, agus dráma. Úsáidtear an seomra mar sheomra tae/caife, mar ionad léachtaí poiblí, agus mar sheomra ranga Gaeilge. Bíonn leabhair, irisí agus ealaíon d'ardchaighdeán ar taispeántas ann chomh maith. De

dheasca ganntanas deiseanna a bheith sa chathair ar an nGaeilge a labhairt i dtimpeallacht nádúrtha, comhlíonann an Seomra Caidrimh an riachtanas tábhachtach sochaí seo trí ghrúpaí Gaeilge na cathrach agus an réigiúin a éascú. Sa bhliain acadúil 2016/17, d'úsáid **1,388 duine** an Seomra Caidrimh.

An tAonad Aistriúcháin

Bunaíodh an tAonad Aistriúcháin mar fhreagra ar an Measúnú Feabhais a rinneadh ar an Ionad sa bhliain 2003 agus chun forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) a chomhlíonadh ar son na hOllscoile. Soláthraíonn an tAonad Aistriúcháin aistriúcháin, léamh profaí, agus seirbhísí ateangaireachta do phobal na hOllscoile chomh maith le riachtanais eagraíochtaí eile a sheirbhísiú. Ina measc seo tá Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Corcaigh, An Oifig Straidrimh Náisiúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Feidhmeannas an Seirbhísí Sláinte, Seirbhís Oideachais Chiarraí agus Parlaimint agus Comhairle na hEorpa.

Dún Chíomháin

Comhlíonann campas Gaeltachta na hOllscoile raon leathan riachtanas sochaí ó chaomhnú agus chur chun cinn na Gaeilge go Foghlaim ar feadh an tSaoil. Tá an tIonad seo faoi chúram bainisteora lánaimseartha, coimeádaí pháirtaimseartha agus riarthóra atá lonnaithe ar an bpríomhchampas. Bíonn cúrsaí aosoideachais, gníomhachtaí cultúrtha agus scéimeanna teanga ar siúl sa Dún ag idir phobal na hOllscoile agus phobal na Gaeltachta. Le linn an dá sheimeastar bíonn mic léinn an Ionaid agus Roinn na Nua-Ghaeilge ag freastal ar chúrsaí cónaí deireadh seachtaine mar a bhfaigheann siad taithí luachmhar ar shaol na Gaeltachta. In éineacht leis seo bíonn sraith léachtaí poiblí ar siúl go rialta ann. Lasmuigh de na seimeastair bíonn mic léinn institiúidí ardoideachais eile in Éirinn agus thar lear ag freastal ar chúrsaí seachtaine a éascaíonn bainisteoir an Dúna. Is i nDún Chíomháin, fosta, a bhíonn Scéim na dTeaghlach ar siúl.

Sa bhliain acadúil 2016/17:-

- D'fhreastail ceithre chéad fiche a trí mac léinn ar sé chúrsa fichead agus d'fhan ceithre chéad caoga a seacht ball foirne agus mac léinn thar oíche i nDún Chíomháin.
- D'fhreastail cúig mhac léinn déag as Ollscoil Ruhr Bochum ar chúrsa seachtaine.
- D'fhreastail deichniúr mac léinn as Ollscoil Chaitliceach Mheiriceá ar chúrsa seachtaine.

An tAonad FCT (Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta)

Bunaíodh an tAonad Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta sa bhliain 1997 mar fhreagra ar an tábhacht a bhí ag baint le Foghlaim Teanga le Cuidiú

Ríomhaireachta, mar a tugadh air san am. Tá roinnt gnéithe le hobair an aonaid seo: Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, traenáil foirne, bainistiú an trealaimh, agus cothabháil na suíomhanna éagsúla gréasáin, agus na gcuntas Facebook agus Twitter. Tugann an tAonad FCT comhairle d'fhoireann an Ionaid (agus d'fhoireann na Gaeilge i gcoitinne) i dtaobh theicneolaíocht an eolais agus a húsáid sa Teagasc agus Foghlaim. Ina theannta sin tugann an tAonad cúrsaí i mbun- agus i meánscileanna ríomhaireachta d'fhoireann na hOllscoile go ginearálta. Tá roinnt páipéar foilsithe agus curtha i láthair ag an Aonad ar a chuid oibre in áiteanna éagsúla san Eoraip agus in Éirinn.

Foireann Ionad na Gaeilge Labhartha

Caitríona Budhlaeir

Is í an tUas. Budhlaeir bainisteoir Dhún Chíomháin, campas Gaeltachta UCC agus tá ról lárnach aici sa phost sin i miseán UCC freastal ar riachtanais sochaí ríthábhachtacha ar fud an réigiúin sin.

I rith 2016/17 mhúin agus mheasúnaigh an tUas. Budhlaeir raon leathan foghlaimoirí i nDún Chíomháin. Chomh maith le cúrsaí a sholáthar don phobal áitiúil i gCorca Dhuibhne agus d'ábhair mhúinteoirí de chuid Ollscoil Luimnigh, theagasc sí Gaeilge do mhic léinn as Ollscoil Ruhr Bochum, agus as Ollscoil Chaitliceach Mheiriceá.

In éineacht lena cuid oibre sa seomra ranga, comheagraíonn an tUas. Budhlaeir an iliomad gníomhaíochtaí agus cúrsaí ar son UCC sa Ghaeltacht phríomha seo. Seo a leanas achoimre ar a cuid gníomhaíochtaí sa bhliain acadúil 2016/7.

- Chomhoibrigh sí le roinnt grúpaí réigiúnda chun acmhainní foghlama a fhorbairt atá dírithe go sainiúil ar chanúint na dúiche.
- D'fhorbair sí féin agus Comhairle Chontae Chiarraí sraith ábhar foghlama scríofa agus labhartha i nGaeilge Chorca Dhuibhne le húsáid ag leibhéil A1, B1, agus B2 de Theastas Eorpach na Gaeilge.
- Shocraigh agus mhúin sí cúrsa de Theastas Eorpach na Gaeilge ag Leibhéal B2.
- Shocraigh agus mhúin sí cúrsa de gearrchúrsa litríochta i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne agus a bhí dírithe ar phobal Chorca Dhuibhne.
- Léigh sí profaí na hIrise Gaeilge Breacadh.
- Lean sí den tacaíocht a thug sí do Phobalscoil Chorca Dhuibhne feabhas a chothú san ábhar foghlama a úsáidtear sna seomraí ranga, chomh maith lena chinntiú go mbíonn sé dílis do shaibhreas agus inchineálacht na Gaeltachta sin.
- Shocraigh sí agus chomheagraigh sí cúrsaí cónaí do mhic léinn agus do mhúinteoirí as Ollscoil Ruhr, Ollscoil Chaitliceach Mheiriceá agus Ollscoil Luimní.
- Chomheagraigh sí cúrsaí deireadh seachtaine do mhic léinn UCC agus d'fhoghlaimoirí ar feadh an tsaoil i rith na bliana trí aoichainteoirí a shocrú agus eolas ar ócáidí tábhachtacha áitiúla a chur ar fáil.
- Chomheagraigh sí úsáid an tseomra ríomhaireachta ag an bpobal áitiúil chun deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh cúntóirí teangan agus oibríthe cúram leanaí.
- Tá sí ina ball de Choiste Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Iarthar Dhuibhneach - coiste atá freagrach as tógaint ionad nua cúram leanaí

agus atá ag cur chun cinn tacaíochtaí teaghlaigh i mBaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí. Cuireadh béim mhór sa bhlain 2016/17 ar ócáidí rialta a eagrú d'aosaigh an phobail agus an naíolann a fhorbairt. Bhí sí freagrach go mórmhór as poiblíocht a dhéanamh ar chuid d'imeachtaí an ionaid (iris áitiúil, ar RnaG etc) agus as páirt ghníomhach a ghlacadh sna himeachtaí céanna.

- Is ball í de Mheitheal Pleanála Teanga Chorca Dhuibhne a bhfuil sé i gceist acu Plean Teanga agus Forbartha a chur faoi bhráid an REOG.

Tríd an gcomhoibriú ar fad a bhíonn aici le Comhairle Chontae Chiarraí agus an bhallraíocht ghníomhach atá aici i gCoiste Ionad Tacaíochta Iarthar Dhuibhneach agus i Meitheal Pleanála Teanga Chorca Dhuibhne cuireann an tUas. Budhlaeir Ionad na Gaeilge Labhartha i gcroílár sprioc straitéiseach UCC an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an réigiúin.

Nuala de Búrca

Is í an tUas. de Búrca eagarthóir Bhuel, Iris Ghaeilge UCC agus bíonn sí freagrach as mórán de ghníomhaíocht an Ionaid a fhoilsiú agus a fhógairt. D'éirigh léi dhá eagrán den Iris a chur amach go leictreonach agus i gcóip chrua. Chomh maith le hiriseoireacht, bhí cumadh filíochta, grianghrafadóireacht, dearadh, agus dáileadh na nuachtlitreach idir lámha aici.

I rith na bliana acadúla 2016/17 mhúin agus mheasúnaigh an tUas. de Búrca Gaeilge ag gach leibhéal mar chuid de na cúrsaí seo a leanas: GA1120, GA1121, an Cúrsa Deonach Gaeilge, Cúrsa na Máistreacht Gairmiúla in Oideachas, Cúrsa na Foirne, agus Ranganna Comhrá Roinn na Nua-Ghaeilge. Mar chuid lárnach dá cuid teagaisc, chuaigh sí chun na Gaeltachta lena cuid mac léinn GA1121 ar chúrsa deireadh seachtaine. Thug sí cuairteanna ar phríomheagraíochtaí sa chathair agus sa réigiún atá gníomhach i ngluaiseacht na Gaeilge, Gaelscoil Uí Riada san áireamh. Mar chuid de ranganna cultúrtha GA1121, phléigh sí le haoíchainteoirí móra le rá i saol na Gaeilge i gCorcaigh, Seán Óg Ó hAilpín agus Gearóid Ó Catháin, mar shampla. D'eagraigh sí Bronnadh Teastas GA1121 ag deireadh na bliana a raibh bronnadh, lón, agus ceiliúradh mar chuid de sa Seomra Caidrimh. Chuaigh suim agus dul chun cinn a cuid mac léinn GA1121 i bhfeidhm uirthi go mór, agus ba é a cuid plé leo buaicphointe na bliana di.

In éineacht lena cuid oibre sa seomra ranga, tá an tUas. de Búrca freagrach as cruthú agus scaipeadh raon leathan acmhainní foghlama digiteacha. Comhoibríonn sí go gníomhach lena comhghleacaithe sna scéimeanna agus cúrsaí trína n-éiríonn le hIonad na Gaeilge Labhartha tús áite na Gaeilge agus an Chultúir Ghaelaigh a chothabháil sa champas ilteangach, ilchultúrtha. Seo a leanas achoimre ar a cuid gníomhaíochtaí sa bhliain acadúil 2016/17.

- D'éirigh léi dhá chóip den Iris Bhuel a chur amach go leictreonach agus i gcóip chrua.
- Chruthaigh sí raon acmhainní foghlama idir dhigiteach agus chrua, san áireamh:
 - rogha clár teilifíse Gaeilge mar aon le scrípteanna agus leathanaigh oibre;
 - liosta cuimsitheach suíomhanna gréasáin Gaeilge; agus
 - catalóg de na DVD'nna atá ag Ionad na Gaeilge Labhartha.
- Bhí sí ar phríomhchomheagraithe Áras Uí Thuama, Gaeltacht champais UCC. I dteannta le baint a bheith aici le roghnú na n-iarrthóirí don scéim agus freastal go rialta ar chruinnithe leis na mic léinn, shocraigh sí agus d'fhreastail sí ar chúig ócáid shóisialta a raibh sé de chuspóir acu tacú le

comhtháthú an phobail fhoghlama leithligh seo. Thug sí tacaíocht agus cabhair leanúnach do na háitritheoirí agus do riarthóir na scéime.

- Agus í ina heagraí ar Scoláireacht Uí Ríordáin, phléigh sí le foireann agus príomhoide Ghaelscoil Uí Ríordáin agus le tuismitheoirí an bhuaiteora chun bronnadh na duaise bliantúla seo ar dhalta cúigiú bliain de chuid na scoile a éascú in Oifig Uachtarán na hOllscoile. D'eagraigh sí lón sa Seomra Caidrimh chun cur leis an gceiliúradh. Dhein sí fógraíocht chuimsitheach ar an ócáid sna meáin náisiúnta, sna meáin áitiúla, agus ar leathanach Facebook an Ionaid.
- In éineacht lena gnáthdhualgais teagaisc thug sí léachtaí ar UCC do dhaltaí idir bhunscoile agus mheánscoile mar chuid de Scéim na Scol agus Scoláireacht Uí Ríordáin.
- D'fhorbair sí caidrimh le baill foirne nua nuair a shocraigh sí seastán na Gaeilge Labhartha ag Fáiltiú na mBall Foirne Nua sa Zón Cruthaitheach i Leabharlann Boole i Mí na Samhna agus i Mí an Mheithimh.
- Chaith sí seachtain leis na mic léinn ar scoláireacht i gCorca Dhuibhne. Phléigh sí le muintir na háite agus d'fhreastail sí ar na himeachtaí is ar riachtanais na mac léinn.

D'fhorbair sí caidreamh le múinteoirí teangan eile de chuid UCC tríd an gcúrsa CELTA a bhaint amach ó Lár-Ionad Teangan UCC. Trína ballraíocht de Choiste Gnó UCC agus de Ghael-Taca agus trí raon leathan a gníomhaíochtaí coinníonn an tUas. de Búrca coibhneas láidir le lucht Gaeilge UCC agus an réigiúin.

Ciarán Dawson

Is é an tUas. Dawson comheagraí sinsearach Aonad Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta Ionad na Gaeilge Labhartha ó 1997 anuas agus tá sé freagrach sa ról sin as raon leathan nuálaíochtaí sa Teagasc agus Foghlaim a chuir bonn eolais faoin dea-chleachtadh i UCC agus thar sáile.

I rith na bliana acadúla 2016/17 mhúin agus mheasúnaigh an tUas. Dawson Gaeilge ag gach leibhéal mar chuid de na cúrsaí seo a leanas: GA1120, MX1004, MX1007, CS1030 agus CS1031. Thug sé a chuid mac léinn leighis go Dún Chíomháin mar ar bhuaill siad le daoine gairmiúla leighis atá ag obair trí mheán na Gaeilge.

In éineacht lena chuid oibre sa seomra ranga tá mórán foilsithe ag an Dr Dawson agus tá sé ina chomheagraí ar roinnt cúrsaí agus gníomhaíochtaí príomha de chuid Ionad na Gaeilge Labhartha. Seo a leanas achoimre ar a chuid gníomhartha sa bhliain acadúil 2016/17.

- Agus é ina chomheagraí ar mhodúil Ghaeilge Choláiste an Leighis, MX1004 agus MX1007, dhear sé agus thug sé na siollabais agus na measúnuithe, agus shocraigh sé na deiridh seachtaine i nDún Chíomháin. Bhain sé úsáid nuálach as Doic Ghoogle i measúnú múnlaiteach agus suimitheach MX1004.
- Ba í an obair nuálach a dhéanann sé ar mheasúnú suimitheach ar líne le mic léinn na ríomheolaíochta ábhar an pháipéir THE ASSESSED REFLECTIVE LEARNING JOURNAL: IS IT A TRUE REFLECTION OF THE STUDENTS' LEARNING JOURNEY? a léigh sé agus a d'fhoilsigh sé ag INTED17 i Valencia na Spáinne (Márta 2017).
- Ceapadh é ina bhall de ghrúpa saineolaithe ar an measúnú cláir mar chuid de thionscnamh reatha an **Fhórait Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Oideachas Ardleibhéil**; .i. *Measúnú na Foghlama mar Fhreagra uirthi, mar Mhaithe léi, agus mar Chuid di.*
- D'fhoilsigh sé staidéar cáis mar chuid d'uirlis mheasúnaithe a d'fhoilsigh an Fóram mar chríoch ar an staidéar thuas.
- D'éirigh leis comhghleacaí as Roinn na hAltraíochta a stiúradh sa Mháistreacht san Teagasc agus Foghlaim Ardleibhéil; an Seomra Ranga Iompaithe ab ábhar don saothar.
- D'fheidhmigh sé mar scrúdaitheoir seachtrach do Scoil Litríocht agus Teanga na Gaeilge in Ollscoil.
- D'fheidhmigh sé ina chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Peig Sayers.

- I dteannta le Scoil na Staidéar Áiseach UCC, d'fhorbair sé scéim chun Sínis a chur ar churaclam Ghaelscoileanna Pheig Sayers agus Ghoirt Álainn.
- Mar cuid dá rang speisialta ar an aistriúchán dlí le mic léinn dara bliain BCL Dlí agus Gaeilge, lean sé le forbairt na húsáide nuálaí a bhaineann sé as Doic Ghoogle sa mheasúnú múnlaiteach agus suimitheach.
- Mar chuid de WL1001, Struchtúir agus Fuaimeanna Teanga, d'eagraigh sé agus thug sraith saotharlann ar fhorbairt fhuaimneanna agus struchtúir na Gaeilge ón nGaeilge Ársa anuas go dtí an Nua-Ghaeilge sa dara seimeastar.
- Agus é ina chomheagraí ar ról Ionad na Gaeilge Labhartha d'UCC+, labhair sé ar an nGaeilge i UCC ag ionduchtú UCC+, agus d'eagraigh sé agus chuir sé i bhfeidhm sraith imeachtaí do mhic léinn ionchasacha as scoileanna DEIS i Mí Aibreáin.
- Mar chuid de Chlár na Léachtóirí ar Cuairt a ritheann Oifig an Leas-Uachtaráin um Theagasc agus Foghlaim, thug sé sraith saotharlann ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach do léachtóirí ar cuairt as Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Anhui, agus as Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta na hIon-Mhongóile; chaith na comhghleacaithe Síneacha seo deireadh seachtaine i nDún Chíomháin.

Agus é ina ánra teagaisc de chuid UCC agus ina bhall caradach den Ionad um Chomhtháthú an Taighde, an Teagaisc agus na Foghlama, is é an tUas. Dawson an nasc lena gcomhroinntear an dea-chleachtas agus an nuálaíocht a fhorbraíonn Ionad na Gaeilge Labhartha le mórphobal na hOllscoile féin agus le pobal idirnáisiúnta na foghlama Ardleibhéil.

Ann Geary

Lonnaithe sa phríomhoifig in Áras Uí Rathaille, is í an tUas. Geary cúntóir feidhmitheach sinsearach Ionad na Gaeilge Labhartha. Is gnách gur léi is túisce a dhéantar teagmháil acu siúd atá ag iarraidh freastal ar chúrsaí an Ionaid nó úsáid a bhaint as na seirbhísí, bíodh an teagmháil sin ón idirlíon, ón nguthán nó ón duine féin.

Le linn na bliana acadúla 2016/17 chomhlíon an tUas. Geary mórán rólanna ríthábhachtacha in earcú agus i gclárú na mac léinn ar gach cúrsa agus scéim in Ionad na Gaeilge Labhartha. Go mórmhór ba thábhachtach a cion sna cúrsaí agus scéimeanna seo a leanas: GA1120, GA1121, an Cúrsa Deonach Gaeilge, Clár na Ranganna Oíche don Phobal, na Scoláireachtaí Gaeltachta, na deiridh seachtaine i nDún Chíomháin, an Seomra Caidrimh agus Scoláireacht Uí Ríordáin. Seo a leanas achoimre ar a cuid oibre sa bhliain 2016/17.

- Phléigh sí go rialta le raon leathan comhfhreagrais agus na nithe a bhain leis.
- Thóg sí agus phróiseáil sí réimse leathan fiosruithe agus iarratas ó mhic léinn, ó fhoireann, agus ón bpobal.
- Scríobh sí agus choinnigh sí tuairiscí agus taifid ar ghníomhartha an Ionaid, torthaí scrúdaithe agus foirmeacha iarratais san áireamh.
- Shocraigh sí cruinnithe roinne agus chlóschríobh sí agus scaip sí mionsonruithe agus cláir nuair ba chuí.
- Leag sí amach agus chlóschríobh sí doiciméid, scrúduithe agus cuid mhór den Tuarascáil Bhliantúil.
- Theagmhaigh sí go rialta le ranna agus le hionaid eile de chuid na hOllscoile ar son an Stiúrthóra agus a comhghleacaithe.
- Phróiseáil sí an chuid is mó d'idirbhearta airgeadais an Ionaid, ceannach trealaimh, díol costais taistil agus cothabhála, íocaíocht foirne páirtaimseartha, agus bainistiú an mhionairgid; choinnigh sí taifid agus admhálacha go dílis nuair ba chuí.
- Rinne sí socruithe taistil agus bia na ndeireadh seachtaine i nDún Chíomháin, bhuaileadh sí leis na mic léinn ar an Aoine agus thugadh sí go dtí an bus chun na Gaeltachta.
- Shocraigh sí agus chuir sí in áirithe seomraí do mhórán ócáidí, seimeanáir, ranganna, agallaimh san áireamh.

Agus an éifeachtacht ghairmiúil, an cur chuige solúbtha, agus an toilteanas cabhrú lena comhghleacaithe atá aici, is ball rífhíúntach foirne í an tUas. Geary a chinntíonn go n-éiríonn le hobair uilig Ionad na Gaeilge Labhartha.

Gobnait Ní Loingsigh

Is í Gobnait Ní Loingsigh Cúntóir Feidhmitheach Ionad na Gaeilge Labhartha. Sa ról seo oibríonn sí i gcomhar leis an gCúntóir Feidhmitheach Sinsearach agus leis an Stiúrthóir trí na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh:

- obair i gcomhar leis an gCúntóir Feidhmitheach Sinsearach agus leis an Stiúrthóir;
- cabhair oifige a thabhairt d’Fhoireann agus do Stiúrthóir an Ionaid;
- deighleáil le fiosruithe ó mhic léinn, ón bhfoireann, agus ón bpobal;
- úsáid a bhaint as scileanna ríomhaireachta i ngort na rúnaíochta oifige;
- próiseáil focal a bhaineann le litreacha, lámhleabhair, tuairiscí, cáipéisí oifigiúla, miontuairiscí cruinnithe srl.;
- taifid/comhaid a choimeád maidir le cúrsaí, scrúduithe, scéimeanna, imeachtaí;
- cúnaimh a thabhairt i leith íocaíochtaí billí, aisteoirí, aoichainteoirí, lucht cothabhála, comhdhálacha srl.;
- rúndacht a choimeád maidir leis an eolas sna comhaid éagsúla;
- aire a thabhairt do na cnuasaigh acmhainní agus leabhar san Ionad agus i nDún Chíomhain;
- cabhrú le eagrú an tSeomra Caidrimh agus Áras Uí Thuama;
- cabhrú le riaradh scéimeanna, cúrsaí agus scrúduithe;
- trealamh agus ábhar oifige a ordú agus a dheimhniú;
- bheith ar fáil ag amanta áirithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige e.g. le haghaidh chlárú na ranganna pobail, comhdhálacha teanga srl.;
- pé dualgais oifige oiriúnacha eile a leagfaidh an Stiúrthóir ar an bhfostaí ó am go chéile.

Claire Ní Mhuirthile

Socraíonn an tUas. Ní Mhuirthile taispeántas na Féile Bríde in Áras Uí Rathaille gach Feabhra, an imeacht bhliantúil atá mar bhunchuid den taipéis ilchultúrtha atá i gColáiste na hOllscoile Corcaigh inniu.

I rith 2016/17 mhúin agus scrúdaigh an tUas. Ní Mhuirthile Gaeilge ag gach leibhéal mar chuid de na cúrsaí seo a leanas: GA1120, Ranganna Comhrá Roinn na Nua-Ghaeilge, agus Cúrsa Ullmhúcháin don Bhunmhúinteoireacht. Mhúin sí agus mheasúnaigh sí an dianchúrsa nua Gaeilge atá ina chuid de Scoil Samhraidh USAC i UCC fosta. Mar chuid lárnach dá cuid teagaisc, chuaigh sí lena cuid mac léinn chun na Gaeltachta ar chúrsaí deireadh seachtaine agus le linn dóibh bheith ar scoláireacht i gCorca Dhuibhne i Mí Mheán an Fhómhair.

In éineacht lena cuid oibre sa seomra ranga, is í an tUas. Ní Mhuirthile príomhriarthóir roinnt de scéimeanna príomha atá ag croílár chion Ionad na Gaeilge Labhartha i gcur chun cinn sprioc straitéiseach UCC an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas agus sa réigiún. Seo a leanas achoimre ar a cuid oibre sa bhliain 2016/17.

- Chaith an tUas. Ní Mhuirthile seachtain Erasmus in La Universidad de Coruña i gCoruña na Gailíse in Iar-Thuaisceart na Spáinne mar ar thug sí léachtanna ar theanga agus litríocht na Gaeilge do mhic léinn fochéime Roinn an Bhéarla.
- Agus í ina riarthóir ar Dhún Chíomháin shocraigh sí clár ama na ndeireadh seachtaine sa Ghaeltacht i dteannta lena comhghleacaithe féin, le foireann agus mic léinn Roinn na Nua-Ghaeilge, agus le foireann institiúidí eile ardoideachais in Éirinn, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Theagmhaigh sí le Bainisteoir agus le Coimeádaí Dhún Chíomháin agus í ag socrú taistil, imeachtaí agus aoichainteoirí do na mic léinn.
- Agus í ina comheagraí ar Ghradam na Gaeilge, shocraigh sí an coiste (a raibh sí ina ball de chomh maith) a mheas na hiarratais ar an ngradam, agus d'eagraigh sí an phríomhimeacht sa Seomra Caidrimh nuair a bronnadh na gradaim.
- Mar riarthóir ar Áras Uí Thuama bhí sé de dhualgas uirthi féin go príomha an scéim a fhógairt agus gearrliosta a dhéanamh de na hiarrthóirí a rachadh faoi agallamh. D'eagraigh sí an coiste roghnaithe (a raibh sí ina cathaoirleach air) a chuir na mic léinn faoi agallamh roimh na tairiscintí deireanacha a dhéanamh. D'eagraigh sí An Fáiltiú ag tosach na bliana d'áitritheoirí Áras Uí Thuama. Labhair an tOllamh Pádraig Ó Macháin ag an ócáid seo agus thug Ionadaithe ó na Cumainn/Clubanna Gaelacha caint leis. Bhí Maria Schaler, Comhordaitheoir Triú Leibhéal Chonradh na Gaeilge mar aoichainteoir don seisiún “Cur in Aithne”. Thacaigh an

tUas. Ní Mhuirthile le comheagraí na n-imeachtaí i rith na bliana acadúla, leis.

- Mar riarthóir ar Scéim na Scol, theagmhaigh sí le foireann agus mic léinn UCC agus le múinteoirí treoirghairmeacha na scoileanna a bhí i gceist chun a chinntiú go ndeachaigh chuig gach scoil meitheal de bheirt mhac léinn agus de bhall foirne amháin a chuir i láthair raon leathan d'eilimintí curaclaim agus neamhchuraclaim eispéireas UCC. Shocraigh sí imeacht dheireadh na bliana a raibh lón agus seisiún aiseolais mar chuid de sa Seomra Caidrimh.
- Mar riarthóir ar Scéim na dTeaghlach, shocraigh sí agus chomheagraigh sí an scéim a thug deis d'fhoireann UCC agus a dteaghlach Dún Chíomhain a úsáid lasmuigh den bhliain acadúil chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus taithí a fháil ar an saol dátheangach atá in Éirinn inniu. Chaith cúpla teaghlach atá mar bhaill de Ghlór na nGael seachtain sa Dún i mbliana, leis. Leathnú amach is ea é seo ar thacú le Teaghlach le Gaeilge. Shocraigh sí cúntóir teanga a chinntigh go bhféadfadh na teaghlach tairbhe iomlán a bhaint as an bhfaill seo am a chaitheamh sa Ghaeltacht.
- Mar Oifigeach Sláinte agus Sláinteachais agus Maor Tine Ionad na Gaeilge Labhartha bhí sí freagrach as cothabháil na bhfearas garchabhrach agus as aslonnú na bhfoirgneamh nuair ba ghá. Scríobh sí Tuairisc Bhliantúil Sláinte agus Sláinteachais an Ionaid.

Socraíonn an tUas. Ní Mhuirthile cion Ionad na Gaeilge Labhartha ag Taispeántas an Aosoideachais i Halla na Cathrach gach Meán Fómhair agus tugann agallaimh go rialta ar an teilifís, ar an raidió, agus sna meáin eile ar chur chun cinn na Gaeilge agus ar thimpeallacht ilteangach UCC.

Marian Ní Shúilliobháin

Is í an tUas. Ní Shúilliobháin rúnaí Bhord na Gaeilge, ról ina n-eagraíonn sí cruinnithe an Bhoird agus ina bhfeidhmíonn sí mar nasc idir foireann an Ionaid agus baill an Bhoird.

I rith na bliana acadúla mhúin agus mheasúnaigh an tUas. Ní Shúilliobháin Gaeilge ag gach leibhéal mar chuid de GA1120, GA1121, Ranganna Teagaisc Roinn na Nua-Ghaeilge, agus ranganna lae na Máistreachtá Gairmiúla san Oideachas. Mhúin sí agus scrúdaigh sí an dianchúrsa nua Gaeilge atá ina chuid de Scoil Samhraidh USAC i UCC fosta. Mar chuid lárnach dá cuid teagaisc, chuaigh sí lena cuid mac léinn chun na Gaeltachta ar chúrsaí deireadh seachtaine agus le linn dóibh bheith ar scoláireacht i gCorca Dhuibhne i Mí Mheán an Fhómhair.

In éineacht lena cuid oibre sa seomra ranga, tá an tUas. Ní Shúilliobháin ina comheagraí ar roinnt de na príomhchúrsaí agus scéimeanna atá ag croílár chion Ionad na Gaeilge Labhartha i gcur chun cinn sprioc straitéiseach UCC an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas agus sa réigiún. Seo a leanas achoimre ar a cuid oibre sa bhliain 2016/17.

- Mar chomheagraí ar na modúil chreidiúnaithe GA1120 agus GA1121, phléigh sí lena comhghleacaithe in Ionad na Gaeilge Labhartha agus san Oifig Idirnáisiúnta chun eispéireas na mac léinn idirnáisiúnta a fheabhsú agus chun a n-imeascadh isteach i sochaí na hÉireann a éascú trí dheis a thabhairt dóibh bun- agus meán-Ghaeilge a fhoghlaim mar chuid dá staidéar acadúil. Chun cuid eolais na mac léinn ar an nGaeilge a threisiú le fíorthaithí ar chultúr na teangan, shocraigh sí sraith cuairteanna ar phríomheagraíochtaí sa chathair agus sa réigiún atá gníomhach i ngluaiseacht na Gaeilge, Gael-Taca, Gaelscoileanna Uí Ríordáin agus Uí Riada. Treisíodh seo trí aoichainteoirí éagsúla a thabhairt isteach chucu atá mór le rá i saol na Gaeilge i gCorcaigh, Seán Óg Ó hAilpín agus Gearóid Ó Catháin, mar shampla. Chuaigh sí i gcomhairle lena comhghleacaithe le siollabais, agus scrúduithe scríofa agus béil an dá mhodúl a dhearadh.
- Mar chomheagraí ar Chlár na Ranganna Oíche Gaeilge don Phobal, shocraigh sí an bhunfhógraíocht agus clárú na bhfoghlaimoírí ar feadh an tsaoil seo; shocraigh sí gach duine acu isteach i rang de réir a gcumais agus de réir na gcúiseanna a spreag chun na Gaeilge iad. Leag sí amach siollabais do na leibhéil éagsúla, agus sholáthraigh sí traenáil agus comhairliú don mheitheal múinteoirí páirtaimseartha a fhostaíonn Ionad na Gaeilge Labhartha leis na cúrsaí seo a dhéanamh sa dá sheimeastar.
- Mar chomheagraí ar an gCúrsa Deonach shocraigh sí dearadh bhróisiúr an chúrsa. Tar éis do na mic léinn clárú don chúrsa seach-chúraclaim

seo, chuir sí isteach i ngrúpaí iad de réir a gcumais Ghaeilge agus, nuair ba chuí, a gclár acadúil.

- Mar chomheagraí ar chúrsa Gaeilge Scoil Samhraidh USAC, shocraigh sí dianchúrsa Gaeilge ina raibh ranganna teanga, ranganna cultúrtha, turais lae, agus imeachtaí teangan agus cultúrtha. Dhear sí agus chuir sí measúnú scríofa agus béil an chúrsa.
- Mar riarthóir ar scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta d'eagraigh sí na hagallaimh agus cruinnithe leis na mic léinn a chuir isteach ar an scéim. Tar éis cur isteach ar mhaoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus é a fháil, shocraigh sí lóistín do na mic léinn le teaghlaigh Ghaeltachta i gCorca Dhuibhne. Le linn seacht lá na scoláireachta i Mí Mheán an Fhómhair, shocraigh sí cúrsa Gaeilge agus sraith imeachtaí do na mic léinn, seisiúin cheoil, saotharlanna, turais isteach san oileán, agus spaisteoireacht san áireamh. I rith na seachtaine d'éirigh léi barr feabhais a chur le heispéireas na mac léinn trína gcur in aithne do raon leathan daoine Gaeltachta, seandálaithe, ealaíontóirí, scríbhneoirí, lucht gnó, iriseoirí, agus pearsana spóirt san áireamh.

Sna scéimeanna agus cúrsaí uilig bailíonn an tUas. Ní Shúilliobháin aiseolas rialta ó na mic léinn chun caighdeán na foghlama a mheasúnú agus chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú. Tá roinnt moltaí láidre déanta aici dá bharr seo a bhfuil sé mar sprioc acu an t-eispéireas mac léinn a chur chun cinn.

Cearbhall Ó Colmáin

Is ar an Uas. Ó Colmáin a thiteann príomhfhreagracht suíomhanna gréasáin Ionad na Gaeilge Labhartha agus Bhord na Gaeilge a chothabháil. Coinníonn sé cuntais Facebook agus Twitter an Ionaid chomh maith agus freastalaíonn sé ar na príomhimeachtaí ar fad chun grianghraif agus videonna a fháil le huaslódáil chucu. Bhí sé ina rúnaí ar Choiste Gnó na Gaeilge don bhliain.

Le linn na bliana acadúla 2016/17 mhúin agus mheasúnaigh an tUas. Ó Colmáin Gaeilge ag gach leibhéal mar chuid de na cúrsaí seo a leanas: GA1120, an Cúrsa Deonach Gaeilge, an dianchúrsa Gaeilge atá ina chuid de Scoil Samhraidh USAC i UCC, agus Ranganna Comhrá Roinn na Nua-Ghaeilge. Chomh maith leis an nGaeilge a mhúineadh d'eagraigh sé agus mhúin sé dhá chúrsa trí mheán na Gaeilge ar úsáid ríomhairí, guthán cliste agus taibleidí. Bhí sé ina riarthóir ar an gCúrsa Deonach Gaeilge.

In éineacht lena chuid oibre sa seomra ranga tá páirt iomlán ag an Uas. Ó Colmáin i mórán d'imeachtaí agus de chúrsaí an Ionaid. Seo a leanas achoimre ar a chuid oibre sa bhliain acadúil 2016/17.

- Lean sé den tionscnamh nuálach i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta trí phodchraoladh a sholáthar le haghaidh GA1120 agus trí chomhaid fhuaimne a chruthú agus a chur ar fáil do Scoil Samhraidh USAC.
- Chuir sé diancheachtanna ar fáil do scoláire a bhí chun tabhairt faoi agallamh chun bheith ina bunmhúinteoir.
- Choinnigh sé teagmháil le cumainn na mac léinn agus le hOifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn agus bhí sé ar fáil le comhairle a thabhairt dóibh ar úsáid na Gaeilge ina gcuid gníomhaíochtaí.
- Ghlac sé páirt i dTaispeántais Aosoideachais Halla na Cathrach i Mí Mheán an Fhómhair mar ar chuir sé le chéile seastán an Ionaid; bhí sé ar láimh le bualadh leis an bpobal agus na cúrsaí oíche a chur chun cinn.
- Chuidigh sé le clárú na ranganna oíche agus bhuaill sé isteach go rialta i gcaitheamh na bliana chun bualadh leis na foghlaimoirí sa Seomra Caidrimh.
- Chuidigh sé le fógairt na Scoláireachtaí Gaeltachta agus chuir sé agallaimh ar na hiarrthóirí.
- D'fhógair sé áiseanna agus imeachtaí Gaeilge ag grúpaí seachtracha ar nós Leabharlann na Cathrach.
- Choinnigh sé teagmháil rialta le Seirbhísí Teicneolaíochta Eolais na hOllscoile chun barr feabhais áiseanna agus inniúlacht FCT (Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta) an Ionaid a chinntiú agus a fhorbairt.
- Thug sé cuidiú agus tacaíocht rialta dá chomhghleacaithe agus do chuirteoirí ar an Ionad in úsáid Theicneolaíochta an Eolais sa Teagasc

agus Foghlaim agus thug comhairle go minic ar raon aipeanna agus trealamh oideachasúil.

- D'fhoilsigh sé alt san Irish Examiner i Mí Mheán an Fhómhair dar teideal "Evening Courses in Spoken Irish".
- Thug sé mic léinn GA1121 ar cuairt chuig Gael-Taca.
- Bhí sé mar ionadaí ag an Ionad ag cruinniú de chuid Chonradh na Gaeilge sa Seomra Caidrimh: An Fóram Gnímh.
- Tar éis dul i gcomhairle le foireann agus mic léinn, chuir sé athchruth ar an gCúrsa Deonach Gaeilge a mbeidh sé mar chomheagraí air ón mbliain acadúil 2016/17 ar aghaidh.
- D'fhorbair sé agus choinnigh sé ar siúl cuntais meáin shóisialta na Gaeilge Labhartha ar Twitter, Instagram, agus Facebook; tá níos mó ná 1500 leantóir ag an Ionad.
- D'fhreastail sé ar an seimeanáir "UOnline" a bhí ar siúl sa Halla Devere – 6 Aibreán 2017
- D'fhreastail sé ar an gcúrsa lae "Effective Presentation Skills" a bhí á reachtáil ag Roinn na hAcmhainní Daonna (Staff Wellbeing & Development).
- D'fhreastail sé ar 2 sheimineár teanga.
- Thug sé cainteanna i bPobalscoil Chorca Dhuibhne is i gColáiste Íde mar chuid de Scéim na Scol – 25 Samhain 2016.

Trí bheith ina bhall de Ghael-Taca agus trí raon leathan a ghníomhaíochtaí coinníonn an tUas. Ó Colmáin caidreamh láidir le pobal Gaeilge an réigiúin.

Cormac Ó hAodha

Is é an tUas. Ó hAodha aistritheoir an Ionaid. Sa ról seo cuireann sé réimse leathan seirbhísí ar fáil do chliant inmheánacha de chuid na hOllscoile chomh maith le dreamanna agus daoine aonair seachtracha ar mhaith leo a gcuid dualgas agus ceangaltas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. I measc a chuid cliant tá:

- Oifig Uachtarán UCC;
- Oifig Chláraitheoir UCC;
- Oifig Fhoirgneamh agus Eastát UCC;
- Leabharlann Glucksman, UL;
- cuideachtaí dearthóireachta;
- innealtóirí comhairliúcháin;
- fochuideachtaí stáit;
- ranna stáit;
- údaráis áitiúla.

Agus i measc na gcineálacha aistriúcháin bíonn mar seo a leanas:

- stáiseanóireacht;
- cártaí gnó;
- páipéar ceanteidil;
- síniú r-phost;
- tuarascálacha bliantúla;
- leathanaigh agus suíomhanna gréasáin; agus,
- peananna agus straitéisí.

Chomh maith leis na seirbhísí aistriúcháin féin, soláthraíonn an tAonad Aistriúcháin raon eile seirbhísí mar a leanas.

Seirbhísí Ateangaireachta

Tá seirbhís ghairmiúil ateangaireachta comhuainí ar fáil do chliant éagsúla agus tá méadú mór tagtha ar an éileamh ar an tseirbhís seo le tamall. Tan an treallamh so-ghluaiste ateangaireachta seo ag an Ionad. Is é an tUas. Ó hAodha príomhateangaire na seirbhíse. De ghnáth cuirtear seirbhísí gairmiúla ateangaireachta an Ionaid ar fáil ag cruinnithe, léachtanna, agus comhdhálacha a mbíonn leibheil éagsúla cumais iontu ó thaobh na Gaeilge de. Seo a leanas liosta na gcliant a choimisiúnaigh an tseirbhís ateangaireachta i 2016/17:

- Foras na Gaeilge;
- Comhairle Contae Chorcaí;
- Comhairle Contae Phort Láirge;
- Comhthionól an Dochtúra Uí Loingsigh, Baile Bhúirne; agus,
- Comharchumann Mhúscaí.

Seirbhís Comhairliúcháin

Cuirtear seibhís chomhairliúcháin ar bhonn leanúnach do gach roinn agus aonad san Ollscoil, go háirithe d'Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla na hOllscoile ar cheisteanna a bhaineann le Scéim Teanga na hOllscoile agus le hAcha na dTeangacha Oifigiúla. I 2016/17 tháinig méadú ar an éileamh ar an tseirbhís chomhairliúcháin ó eagrais seachtracha.

Seán Ó Laoi

Leis an mbaint atá aige leis an iliomad grúpaí teangan ar fud na cathrach agus an réigiúin, cinntíonn an tUas. Ó Laoi aistriú eolais ar an nGaeilge ón Ollscoil chuig na réimsí ina bhfuil gá leis.

Le linn na bliana acadúla 2016/17 mhúin agus Mheasúnaigh an tUas. Ó Laoi Gaeilge ag gach leibhéal mar chuid de na cúrsaí seo a leanas: GA1120, an Cúrsa Deonach Gaeilge, Cúrsa na Foirne, Ranganna Comhrá Roinn na Nua-Ghaeilge, Ranganna na Scéime Teanga, agus an tArdrang Gramadaí.

In éineacht lena chuid oibre sa seomra ranga, tá an tUas. Ó Laoi ina chomheagraí ar roinnt cúrsaí agus gníomhaíochtaí. Seo a leanas achoimre ar a chuid gníomhaíochtaí sa bhliain acadúil 2016/17.

- Thug sé tacaíocht leanúnach do mhic léinn a bhí ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas agus lasmuigh de trí chomhairle a thabhairt dóibh ar a gcuid gramadaí agus litrithe.
- Thug sé cainteanna go rialta ar an gcampas agus lasmuigh de do ghrúpaí atá gníomhach i nGluaiseacht na Gaeilge amhail Gaeilgeoirí Chois Laoi.
- Choinnigh sé ballraíocht ghníomhach de Ghael-Taca agus de ghrúpaí eile Gaeilge agus é ag freastal agus ag cabhrú ag ciorcail chomhrá, ranganna Gaeilge agus líonraí eile foghlama.
- Thug sé cuidiú go rialta do mhúinteoirí atá ag obair leis an nGaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an meánleibhéal.
- D'fhorbair sé naisc láidre le Gaeltachtaí na Mumhan agus Chonnacht.

I measc na nithe a thug an tUas. Ó Laoi i gcríoch i gcaitheamh na bliana 2016/17 tá an méid seo a leanas.

- Mhúin sé trí chúrsa: Iriseoireacht Ghairmiúil na Gaeilge; Úsáid Chruinn na Gaeilge; agus Cúrsa faoi Scéim Teangan.
- Chabhraigh sé leis an tSeirbhís Aistriúcháin.
- Riar sé na cúrsaí foirne.

Agus clú agus cáil ar a chuid iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail, is minic gur leis an Uas. Ó Laoi is túisce a dhéantar teagmháil nuair a bhíonn duine nó grúpa ag lorg cabhrach nó tacaíochta ar UCC le gníomhaíochtaí Gaeilge.

Osradharc ar na daoine a theagmhaigh le hIonad na Gaeilge Labhartha sa bhliain 2016/17.

Cúrsaí		Scéimeanna	
GA1120	245	Áras Uí Thuama	12
GA1121	18	Scéim na dTeaghlach	40
MX1004	8	Scéim na Scol	30
MX1007	21	Scoláireachtaí	69
An Cúrsa Deonach	98	An Seomra Caidrimh	560
Na Ranganna Oíche	135	Dún Chíomháin (UCC)	454
Ruhr Bochum	91	Dún Chíomháin (Corca	53
A Coruña	102	Dhuibhne)	
Scoil Samhraidh USAC	12		
An Rang Gramadaí	5		
An Cúrsa Foirne	19		
Cúrsaí TE	8		
Roinn na Nua-Ghaeilge	94		
UCC Plus	100		
Cainteanna Ócáideacha	151		
Iomlán: Cúrsaí	1107	Iomlán: Scéimeanna	1238
Iomlán Úsáideoirí Ionad na Gaeilge Labhartha 2016/17			2345